C/2026/3539

22.7.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin san Aontas Eorpach

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2026/3539)

Rapóirtéir: **Pascal DEBAY**

Comhrapóirtéir: **Ionuț SIBIAN**

Comhairleoirí	Peter DUNNE (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa II) Ana Bianca OPREA (thar ceann an chomhrapóirtéara, Grúpa III)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	4 Nollaig 2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	24.2.2026
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	29.4.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	605
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	169/3/9

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Cáineann CESE go láidir aon chineál cleachtas tiontúcháin atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne duine a athrú, a chur faoi chois nó a scriosadh. Sáraíonn cleachtais tiontúcháin an toirmeasc iomlán ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach.

Molann CESE an méid seo a leanas:

1.2. go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach togra isteach le haghaidh toirmeasc AE atá ceangailteach ó thaobh dlí ar chleachtais tiontúcháin ('an toirmeasc'). Ba cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc atá beartaithe maidir le gach gníomhaíocht atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne duine a athrú, a chur faoi chois nó a scriosadh, lena n-áirítear fógraíocht gníomhaíochtaí den sórt sin;

1.3. go ndéanfar an toirmeasc a dhréachtú i bhfoclaíocht chuimsitheach bheacht agus go saineofar go soiléir ann na gníomhaíochtaí ar cleachtais tiontúcháin iad;

1.4. go gcuirfear an toirmeasc i bhfeidhm maidir le cleachtais chun leanaí nó daoine fásta a thiontú agus maidir le cleachtais den sórt sin a fhógairt. Ba cheart feidhm a bheith aige maidir le gach gníomhaí poiblí, príobháideach, gairmiúil agus neamhghairmiúil a ghabhann do chleachtais tiontúcháin nó a dhéanann iad a fhógairt. Níor cheart aon toirmeasc a úsáid chun dliteanas coiriúil nó sibhialta a fhorchur ar mharthanóirí cleachtas tiontúcháin;

1.5. go leagfar amach sa toirmeasc pionóis iomchuí dóibh sin a ghabhann do chleachtais tiontúcháin nó a dhéanann iad a fhógairt. Ba cheart na pionóis sin a bheith de chineál agus go bhfreagraíonn siad don díobháil thromchúiseach arb iad cleachtais tiontúcháin faoi deara í agus ba cheart iad a bheith láidir go leor chun daoine aonair a dhíspreagadh ó ghabháil do na cleachtais sin nó dá bhfógairt;

1.6. go gcumhdófar leis an toirmeasc saintréithe gnéis chun daoine idirghnéasacha a chosaint ar idirghabhálacha neamhtheiripeacha agus neamh-chomhthoiliúla, ós cineál cleachtais tiontúcháin na hidirghabhálacha sin lena gcuirtear iallach ar dhaoine ailíniú leis an dénárthacht inscne;

1.7. go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht bhliantúil a chur chun feidhme, i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta eagraithe, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an toirmisc go cothrománach agus go hingearach ar fud na mBallstát uile. Má tá toirmeasc chun bheith éifeachtach, caithfidh sásra láidir faireacháin a bheith ag gabháil leis;

1.8. go maoineoidh an Coimisiún oiliúint speisialaithe do phríomhghairmithe chun cleachtais tiontúcháin a shainaithint agus chun tacú le marthanóirí, sin agus go gcinnteoidh sé comhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha a thacaíonn le daoine LADTIA+ agus go dtabharfaidh sé cistiú leordhóthanach dóibh, ós lárnach an ról atá acu maidir le tacaíocht chéadlíne a chur ar fáil, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh agus cúnamh speisialaithe a thabhairt;

1.9. go maoineoidh an Coimisiún cláir oideachais agus feachtais múscailte feasachta chun eolas an phobail ar chleachtais tiontúcháin a mhéadú. Is den ríthábhacht cur le feasacht an phobail i dtaobh na gcúrsaí sin má táthar chun na cleachtais sin a shainaithint agus deireadh a chur leo. Ba cheart don Choimisiún na bearta sin a áireamh mar chuid dá chlár chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais tiontúcháin sa Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Leis an tionscnamh Eorpach seo ó na saoránaigh, iarrtar ar an gCoimisiún toirmeasc dlíthiúil ar chleachtais tiontúcháin a thabhairt isteach, ar cleachtais iad a bhíonn dírithe ar dhaoine LADTIA+ san Aontas Eorpach ([1]). Deirtear go n-úsáidtear na cleachtais sin, a dtugtar 'teiripí tiontúcháin' orthu go minic, chun gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne duine a athrú nó a chur faoi chois.

2.2. Cleachtais atá cruálach, mídhaonna agus táireach a d'fhéadfadh céasadh a bheith i gceist leo, sin mar a chuir na Náisiúin Aontaithe, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) síos ar chleachtais tiontúcháin. Is iomaí páirtí leasmhara eile in institiúidí an Aontais agus i gComhairle na hEorpa a labhair amach go hoscailte i bhfabhar toirmeasc a chur ar chleachtais tiontúcháin, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa agus an Chomhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa.

2.3. Sheol an comhlachas Francach 'Against Conversion Therapy' (ACT) an tionscnamh i mí Eanáir 2024 agus níorbh fhada gur thacaigh na daoine leis, le 1 128 063 shínitheoir. Caithfidh an tAontas freagra a thabhairt faoin 18 Bealtaine 2026, agus aon bheart leantach atá ar intinn aige a shonrú ann.

2.4. Faoi láthair, tá toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin in ocht gcinn de Bhallstáit an Aontais, bíodh agus go n-athraíonn raon feidhme an toirmisc sin ó Bhallstát go Ballstát. Is iad an Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Málta, an Phortaingéil agus an Spáinn na hocht mBallstát sin. Sna naoi mBallstát déag eile, níl aon toirmeasc ná creat dlíthiúil sonrach ann chun srian a chur le cleachtais den sórt sin. Tá toirmisc ann freisin san Iorua agus san Íoslainn, chomh maith le tíortha lasmuigh den Eoraip amhail Ceanada, an Nua-Shéalainn agus Eacuadór.

2.5. Is díol mór sásaimh do CESE an tionscnamh tábhachtach seo, ós rud é gur iarr sé cheana féin go gcuirfí toirmeasc ar chleachtais tiontúcháin ([2]).

2.6. Tugann CESE dá aire go ndúirt freagróir amháin as gach ceathrar a ghlac páirt sa 3ú suirbhé LADTIA, arna dhéanamh ag FRA, go ndeachaigh siad faoi 'theiripe tiontúcháin' de chineál éigin ([3]). Orthu siúd a chuaigh faoi na cleachtais sin, thuairiscigh 11 % díobh gur baill den teaghlaigh a thug orthu é sin a dhéanamh agus dúirt 5 % eile gur baill d'eagraíochtaí reiligiúnacha faoi deara é. Ar na teagmhais a tuairiscíodh, bhí: foréigean fisiciúil (3 % de na freagróirí); foréigean gnéasach (1 %); agus íde béil nó uirísliú (14 %). Tugadh ar leath de na freagróirí ar mná trasinscneacha iad (47 %) agus ar leath de na freagróirí ar fir thrasinscneacha iad (48 %) dul faoi na 'teiripí tiontúcháin' sin. I measc iad siúd a ghlac páirt sa suirbhé, dúirt 76 % díobh nár thoiligh siad leis na 'teiripí' sin, agus d'fhreagair 13 % díobh go ndeachaigh siad faoi chleachtais tiontúcháin mar thoradh ar bhrú nó ar bhagairtí. D'ainneoin éagsúlachtaí idir na meastacháin, léiríonn na figiúirí sin scála na gcleachtas tiontúcháin san Aontas, rud arb ábhar imní é.

([1]) Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh,*Déantar cleachtais tiontúcháin a chosc san Aontas Eorpach*, Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin: ECI(2024)000001.

([2]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 128; Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, tuarascáil ón mBuanghrúpa um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta ag deireadh a chéad timthrialla tíre: *CEARTA BUNÚSACHA AGUS AN SMACHT REACHTA Forbairtí náisiúnta ó thaobh na sochaí sibhialta de don tréimhse 2018-2024*,, lch. 39 (níl leagan Gaeilge ann).

([3]) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *LGBTIQ equality at a crossroads: progress and challenges*, 2024, lch. 23.

2.7. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór marthanóirí cleachtas tiontúcháin a aithint go sainráite mar 'íospartaigh' coireanna fuatha agus nach mór iad a chosaint faoin Treoir maidir le Cearta Íospartach. Ní mór rochtain a bheith acu ar sheirbhísí tacaíochta speisialaithe agus ar chúnamh dlíthiúil agus ní mór iad a chosaint ar íospairt thánaisteach le linn imeachtaí dlíthiúla, gan beann ar cé acu baill teaghlaigh, comhairleoirí reiligiúnacha, gairmithe leighis nó cibé údar eile faoi deara an chleachtais.

2.8. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach bhfuil aon bhunús eolaíoch le cleachtais tiontúcháin agus gur díobhálach iarmhairtí na gcleachtas sin do mharthanóirí, mar shampla spreagann siad nó treisíonn siad mothúcháin amhail náire, ciontacht, féinghráin agus beagmhaitheas. D'fhéadfadh sé sin cur le ráta an dúlagair, na himní agus na neamhord struis iarthrámaigh (PTSD), mar aon leis an idéú féinmharfach a neartú agus iarrachtaí féinmharaithe a ardú. Déanann sé sin dochar do mheabhairshláinte agus d'fholláine mheabhrach gach marthanóra, is cuma cén aois iad, ach is mó fós an dochar a dhéanann sé do leanaí agus d'aosaigh óga go háirithe. Cháin móreagraíochtaí leighis agus síceolaíocha na cleachtais tiontúcháin sin toisc iad a bheith gan bhunús ó thaobh na heolaíochta de, neamhéifeachtach, contúirteach agus ar neamhréir le cearta an duine ([4]). Thairis sin, bíonn tionchar diúltach ag cleachtais tiontúcháin ar an bpobal toisc go dtreisíonn siad an creideamh bréagach agus stiogmataithe gur féidir nó gur cheart gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne a 'leigheas'.

2.9. Tá CESE suite de freisin gur sáruithe ar chearta an duine iad cleachtais tiontúcháin, agus go bhféadfadh sé gur sárú ar an iliomad coimircí a leagtar amach sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ([5]) (ECHR, CETS Uimh. 5) iad, lena n-áirítear Airteagail 2, 3, 8, 9, 10 agus 14, chomh maith le hAirteagal 1 de Phrótacal Uimh. 12 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Le hAirteagal 3 de ECHR, cuirtear toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach. Tá sé suite ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine go bhféadfadh cleachtais arb iad faoi deara fulaingt thromchúiseach fhisiciúil nó shíceolaíoch Airteagal 3 ECHR a shárú, amhail idirghabhálacha leighis éigeantais, turraingí leictreacha nó ionramháil shíceolaíoch chomhéigneach ([6]).

2.10. Tá CESE buartha faoi chearta an linbh a chosaint go háirithe. Tá seans ard ann go dtabharfar ar leanaí dul faoi 'theiripe tiontúcháin' go háirithe agus go ndéanfaidh na teiripí sin difear mór dóibh. An ceart atá ag tuismitheoirí smacht a bheith acu ar a leanbh agus aire a thabhairt dó nó di, is ceart é sin atá faoi réir leas an linbh. De réir Shaineolaí Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint ar fhoréigean agus idirdhealú ar fhorais gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne, ní rud é atá i gcomhréir le leas an linbh tabhairt air nó uirthi dul faoi theiripí tiontúcháin ([7]).

2.11. Tugann CESE dá aire an Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, straitéis lena n-athdhearbhaítear tiomantas an Aontais don chomhionannas agus lena dtugtar tús áite don chur chun feidhme agus don chomhar, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun leitheadúlacht cleachtas tiontúcháin a laghdú ([8]). Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur san áireamh. Tathantaíonn CESE ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh go n-áireofaí cleachtais tiontúcháin mar 'choireanna an Aontais' faoi Airteagal 83(1) CFAE agus go n-aithneofaí iad mar choireanna fuatha, rud a chinnteodh cosaint aonfhoirmeach ar fud an Aontais.

2.12. Tá toirmeasc foirmiúil curtha ar chleachtais tiontúcháin ag eagraíochtaí gairmiúla ar fud na hEorpa, lena n-áirítear comhlachais náisiúnta síceolaithe, síciatraithe, síciteiripeoirí agus comhairleoirí. Mar sin féin, cé go bhfuil ról coisctheach tábhachtach ag na toirmisc ghairmiúla sin, níl iontu ach treoirlínte eiticiúla seachas ráthaíochtaí dlíthiúla, agus tá éagsúlacht ann maidir lena mhéid a fhorfheidhmítear iad ar fud an Aontais. Cuireann toirmisc dhlíthiúla cineál cosanta níos láidre agus níos comhsheasmhaí ar fáil, rud a chomhlánaíonn na caighdeáin eiticiúla a gcloíonn gairmithe meabhairshláinte leo.

2.13. Cuireann CESE i bhfios go láidir go mbíonn ar mharthanóirí déileáil le díothacht ghéar shocheacnamaíoch agus rátaí arda eisiaimh shóisialta mar thoradh ar chleachtais tiontúcháin. Cruthaíonn sé sin tráma síceolaíoch, lena n-áirítear dúlagar agus PTSD, a laghdaíonn infhostaitheacht agus feidhmíocht an duine aonair san ionad oibre go mór. Chun cuimsiú iomlán daoine LADTIA+ i margadh an tsaothair a áirithiú, ní mór do na Ballstáit na díobhálacha sin a aithint mar bhacainní ar fhostaíocht agus seirbhísí cúnaimh comhtháite a chur ar fáil chun cabhrú le híospartaigh filleadh ar an obair.

([4]) Féach e.g. Comhlachas Síciatrach na hEorpa, '*EPA Statement on conversion "therapies" and LGBTQ Patients*'.

([5]) Foráiltear le hAirteagal 6(2) CAE go n-aontóidh 'an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint'.

([6]) Féach e.g. *VC v an tSlóvaic*. IarratasUimh 18968/07 (ECtHR, 8 Samhain 2011); *Spivak v an Úcráin*. IarratasUimh 21180/15 (ECtHR, 5 Meitheamh 2025).

([7]) Tuarascáil ón Saineolaí Neamhspleách maidir le cosaint ar fhoréigean agus ar idirdhealú ar fhorais gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne, *Practices of so-called 'conversion therapy'*, 2020.

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, COM(2025) 725 final.

2.14. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, bearta a ghlacadh chun dul i ngleic leis an mífhaisnéis maidir le cleachtais tiontúcháin, go háirithe ar líne. Tá gá le sásra chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha chun fógraíocht na gcleachtas díobhálach sin a chosc.

2.15. Ba cheart dlúthnasc a bheith idir cláir chistiúcháin an Aontais agus an urraim do luachanna Eorpacha (Airteagal 2 CAE), Rud eile de, ba cheart an urraim a bheith ina coinníoll chun leas a bhaint as na cláir sin freisin. Molann CESE iniúchadh éagsúlachta *ex ante* agus *ex post* a dhéanamh ar thionscadail arna gcistiú ag an Aontas chun a áirithiú nach gcuirfidh siad cleachtais tiontúcháin chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart cistiú sonrach faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna a leithdháileadh ar eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann tacaíocht dhlíthiúil agus shíceolaíoch ar fáil do mharthanóirí.

2.16. Is cúis mhór imní do CESE sáruithe ar chearta an duine i gcoitinne, agus ar chearta LADTIA+ go háirithe, arna spreagadh ag creideamh polaitiúil nó reiligiúnach. Tá idirdhealú, foréigean agus céasadh atá dírithe ar dhaoine aonair laistigh den Aontas ar neamhréir le bunluachanna AE na caoinfhulaingthe agus na saoirse.

3. **Barúlacha sonracha**

Toirmeasc faoin dlí coiriúil ar chleachtais tiontúcháin

3.1. Aithníonn CESE go bhfuil díospóireacht fós ar siúl ar fud na hEorpa maidir leis na modhanna is éifeachtaí chun cleachtais tiontúcháin a chomhrac.

3.2. I gcás ina bhfuil toirmisc ann faoi láthair san Aontas, tá cionta coiriúla leagtha síos ag formhór na mBallstát. Cé go bhféadfadh bagairt an dliteanais choiriúil roinnt marthanóirí a dhíspreagadh ó mhí-úsáid a thuairisciú, is trí úsáid a bhaint as an dlí coiriúil is fearr a aithnítear an díobháil shuntasach arb iad cleachtais tiontúcháin faoi deara í. Is dócha freisin gur láidre an éifeacht dhíspreagthach a bheadh ag an dlí coiriúil ná ag pionóis shibhialta.

3.3. Is fíor go bhféadfadh forálacha a bheith leagtha síos ag roinnt Ballstát sa dlí coiriúil nó sa dlí sibhialta a bhféadfaí leas a bhaint astu chun cleachtais tiontúcháin a cháineadh. Mar sin féin, baineann tábhacht shiombalach le toirmeasc sainráite a chur ar chleachtais tiontúcháin agus ba dheis amú é dá leanfaí de bheith ag brath ar na dlíthe atá ann cheana seachas an toirmeasc sin a thabhairt isteach. Ní hamháin sin, ach d'fhéadfadh sé go gcruthófaí deacrachtaí do roinnt marthanóirí má bhíonn orthu cur síos a dhéanamh ar an gcineál mí-úsáide a d'fhulaing siad de réir sainmhíniú ginearálta arna leagan síos sa dlí coiriúil nó sibhialta ar an rud is díobháil ann.

3.4. Cé go bhfuil an dlí coiriúil ina dhíspreagadh láidir, cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór aon toirmeasc coiriúil ar chleachtais tiontúcháin a bheith mar chuid de chur chuige ceartais aisiríoch. Ba cheart na pionóis a chomhlánú le hoideachas éigeantach do chiontóirí agus, thar aon ní eile, le tacaíocht láidir shóisialta do mharthanóirí chun a chinntiú nach ndíspreagfar iad ó mhí-úsáid a thuairisciú i gcomhthéacs teaghlaigh nó reiligiúnach toisc eagla roimh ionchúiseamh a bheith orthu.

Raon feidhme praiticiúil na dtoirmeasc ar chleachtais tiontúcháin

3.5. Tá sé tábhachtach aon toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin a leagan amach i bhfoclaíocht chuimsitheach bheacht, go háirithe i gcás ina bhfuil an toirmeasc sin leagtha síos sa dlí coiriúil.

3.6. Ní mór na gníomhaíochtaí ar cleachtais tiontúcháin iad a shainiú go soiléir i dtoirmeasc AE. Cé nach bhfuil aon sainmhíniú aonfhoirmeach ag na Ballstáit ar an rud is cleachtais tiontúcháin ann, tugann CESE dá aire nach mór raon iomlán an iompair mhí-úsáidigh a chuimsiú in aon sainmhíniú ón Aontas — lena n-áirítear mí-úsáid fhisiciúil, mhothúchánach, airgeadais — a d'fhéadfaí a úsáid agus iarracht á déanamh gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne duine a athrú.

3.7. Le toirmeasc AE, ní mór cosc a chur ar dhaoine gabháil do chleachtais tiontúcháin agus iad a fhógairt araon. Tá toirmeasc ar fhógraíocht, rud atá coitianta i measc na mBallstát a bhfuil cosc curtha acu cheana féin ar chleachtais tiontúcháin, ríthábhachtach chun laghdú a dhéanamh ar líon na ndaoine a ghabhfadh do na cleachtais sin, chomh maith le smachtbhannaí cuí a fhorchur ar na gníomhaithe nach ndéanann cleachtais tiontúcháin a rith ach a chuireann daoine aonair i dtreo gníomhaíochtaí den sórt sin.

3.8. Molann CESE, mar a bhíonn i gcás cionta comhchosúla, go mbeadh éifeacht sheach-chríochach ag aon toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin, ionas nach féidir leis tarlú go ndéanfaí duine a aistriú lasmuigh den Aontas chun tabhairt air nó uirthi dul faoi chleachtas tiontúcháin i ndlínse nach dlínse den Aontas í.

Forais chosanta i dtoirmeasc ar chleachtais tiontúcháin

3.9. Molann CESE go gcumhdófaí le toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin iarrachtaí chun *gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne* duine a athrú. Tá na trí fhoras sin san áireamh faoi láthair i ndlíthe maidir le cleachtais tiontúcháin sa Bheilg, sa Chipir, sa Ghréig, i Málta, sa Spáinn agus sa Phortaingéil.

3.10. Cé gur coincheap beagfhorbartha sa dlí Eorpach um chearta an duine é *léiriú inscne*, is minic go mbíonn cleachtais tiontúcháin atá dírithe ar dhaoine trasinscneacha agus neamhdhénártha dírithe ar a léiriú seachtrach inscne, rud a d'fhéadfadh na cineálacha is tromchúisí díobhála a bhaineann le 'tiontú' a spreagadh.

3.11. Ar fud na hEorpa, táthar tar éis cur i gcoinne chuimsiú na *féiniúlachta inscne* ar an mbonn go gcuirfeadh sé sin bac ar chliniceoirí comhrá a bhfuil gá leis chun críoch leighis a thosú faoi fhéiniúlacht inscne. Mar sin féin, tugann CESE dá aire nach bhfuil aon chúis ann nach féidir toirmeasc AE a dhréachtú i bhfoclaíocht lena gceadófaí gach sórt cúraim inscne ar de mheon macánta é agus atá iomchuí ó thaobh leighis de a sholáthar, lena n-áirítear comhráite maidir le cúlra inscne. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh in aon toirmeasc AE idir 'cúram dearbhaithe inscne' agus iarrachtaí díobhálacha 'tiontaithe'. Tá an tsoiléireacht sin ríthábhachtach chun gairmithe cúraim sláinte a chuireann tacaíocht eiticiúil ar fáil a chosaint.

3.12. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur cheart saintréithe gnéis a chumhdach freisin in aon toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin chun daoine idirghnéasacha a chosaint ar idirghabhálacha nach bhfuil gá leo ó thaobh leighis de agus ar idirghabhálacha neamh-chomhthoiliúla, ar cineál cleachtais tiontúcháin iad lena gcuirtear iallach ar dhaoine ailíniú leis an dénárthacht inscne. Ag tógáil ar an seasamh a ghlac CESE roimhe seo, iarrann sé go gcuirfí toirmeasc iomlán ar chiorrú idirghnéasach ([9]).

3.13. Molann CESE go láidir go gcuirfí in iúl go soiléir in aon toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin nach dtugann toirmeasc ar chleachtais den sórt sin i ndáil le *gnéaschlaonadh* údar le cúram sláinte atá iomchuí go cliniciúil a choinneáil siar ó leanaí trasinscneacha agus neamhdhénártha.

Raon feidhme pearsanta an toirmisc ar chleachtais tiontúcháin

3.14. Ar fud Bhallstáit sin an Aontais a bhfuil toirmeasc curtha ar chleachtais tiontúcháin acu cheana féin, tá comhdhearcadh ginearálta ann gur cheart feidhm a bheith ag aon toirmeasc maidir le gach leanbh gan eisceacht. Leis an seasamh sin, a dtacaíonn CESE leis, aithnítear go ndéanann cleachtais tiontúcháin díobháil ar leith do leanaí thar ghrúpa ar bith eile.

3.15. Ó thaobh daoine fásta de, tá díospóireacht fós ar siúl ar cheart toirmeasc dlíthiúil a chur ar chleachtais tiontúcháin i gcás gach duine fhásta nó, mar atá i Málta, sa Ghréig agus sa Ghearmáin, toirmeasc a chur ar chleachtais tiontúcháin i gcás daoine fásta nach féidir leo toiliú saor agus feasach a thabhairt agus/nó daoine fásta nach dtugann an toiliú sin. Leis an dara rogha sin, leagtar béim ar an gceart féinchinntiúcháin atá ag daoine aonair neamhspleácha agus an ceart atá acu saor-roghanna a dhéanamh, fiú amháin má nochtann duine é nó í féin d'iompar díobhálach nó mhí-úsáideach dá bharr sin.

3.16. Aithníonn CESE go dtarlaíonn cleachtais tiontúcháin de ghnáth in imthosca sonracha sóisialta agus cultúrtha a chuireann isteach go mór ar chumas daoine fásta, is cuma cén aois iad, toiliú atá idir *shaor* agus *fheasach* a thabhairt. Dá bhrí sin, molann CESE go gcuimseofaí leanaí agus gach duine fásta araon i dtoirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin. I gcás ina gceadaítear le toirmeasc den sórt sin do dhaoine fásta toiliú le gníomhaíochtaí a thagann faoi chuimsiú an tsainmhínithe ar an rud is cleachtas tiontúcháin ann, ba cheart a aithint sa dlí, mar atá i gcás Mhálta, raon leathan tosca lena ndéantar an toiliú a tugadh a chur ó bhail.

3.17. Maidir le lucht déanta cleachtas tiontúcháin, molann CESE go n-áireofaí réimse leathan iomchuí gníomhaithe i ngach toirmeasc AE, lena n-áirítear gach gníomhaí poiblí, príobháideach, gairmiúil agus neamhghairmiúil a ghabhann do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne duine eile a athrú, nó a fhógraíonn gníomhaíochtaí den sórt sin.

3.18. D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí gníomhaithe sonracha a shainaithint i dtoirmeasc AE, nó dliteanas níos mó a chur ar dhaoine aonair (e.g. tuismitheoirí, oideoirí, gairmithe cliniciúla, oibrithe sóisialta) a thugann orthu siúd a bhfuil caidreamh iontaoibhe acu leo dul faoi chleachtais tiontúcháin. Mar sin féin, níor cheart duine ná grúpa dliteanas a sheachaint díreach toisc go raibh siad ag gníomhú lasmuigh de ról oifigiúil nó de chaidreamh foirmiúil/gairmiúil leis an marthanóir.

([9]) IO C 286, 16.7.2021, lch. 128 (tá leagan Gaeilge den tuairim seo le fáil ar shuíomh an Choiste).

Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin

3.19. Is luachanna bunúsacha ar fud na hEorpa iad saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, agus cosnaítear iad faoi Airteagal 9 de ECHR agus faoi Airteagal 10 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh araon.

3.20. Argóint choitianta amháin a dhéantar i gcoinne toirmeasc a chur ar chleachtais tiontúcháin is ea go gcuireann srianta den sórt sin teorainn neamhcheadaithe leis an gceart atá ag lucht déanta agus marthanóirí na gcleachtas sin araon a gcreideamh reiligiúnach a fheidhmiú gan bhac. Aithníonn CESE a thábhachtaí atá cosaintí láidre don tsaoirse reiligiúin, agus tugann sé faoi deara nach gceanglaítear — agus nár cheart go gceanglófaí — ar dhaoine cráifeacha ná ar eagraíochtaí reiligiúnacha a gcreideamh maidir le gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus léiriú inscne a leasú le toirmisc ar chleachtais tiontúcháin.

3.21. Is ceart cáilithe í an tsaoirse reiligiúin; ní féidir í a agairt chun údar a thabhairt le foréigean nó idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine eile mar gheall ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne. Dá bhrí sin, molann CESE gan eisceacht a áireamh in aon toirmeasc AE do ghníomhaithe a deir go ngabhann siad do chleachtais tiontúcháin nó go bhfógraíonn siad iad de ghrá a gcreideamh reiligiúnach.

Pionóis i dtoirmeasc ar chleachtais tiontúcháin

3.22. I measc na mBallstát a bhfuil toirmisc ar chleachtais tiontúcháin glactha acu cheana féin, tá an iliomad smachtbhannaí ar fáil, lena n-áirítear téarmaí éagsúla príosúnachta agus fíneálacha airgid. Chun éifeachtúlacht a áirithiú, molann CESE pionóis iomchuí a áireamh in aon toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin lena bhfreagraítear do dhéine agus do thromchúis an chiona.

3.23. Le toirmeasc AE, ba cheart oibleagáid a chur ar na Ballstáit, ag gníomhú dóibh i gcomhar le Ballstáit eile thar theorainneacha i gcás inarb iomchuí, sásraí iomchuí a chur i bhfeidhm chun faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais tiontúcháin i gcás inarb ann dóibh agus smachtbhannaí a fhorchur.

3.24. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí tosca géaraitheacha a aithint le toirmeasc AE, amhail aois an mharthanóra agus/nó caidreamh iontaoibhe a bheith ann, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpionós nó ar na pionóis is infheidhme maidir le gabháil do chleachtais tiontúcháin nó iad a fhógairt.

3.25. I gcás ina mbunaítear toirmeasc AE ar chleachtais tiontúcháin leis an dlí coiriúil, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí freisin smachtbhannaí sibhialta, riaracháin nó rialála a ionchorprú, amhail ceadúnas gairmiúil nó an ceart chun gairm a shaothrú a chailleadh nó a chur ar fionraí.

An Bhruiséil, an 29 Aibreán 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND